AN tORD GNÓ

SOCRUITHE I gCOMHAIR GNÓ

DÉ MÁIRT AGUS DÉ CÉADAOIN, an 12 agus 13 MÁRTA 2019

(*MAR A COMHAONTAÍODH AN 12 MÁRTA 2019*)

Craoladh i dtaobh Ghnó na Seachtaine

Is mar seo a leanas a bheidh an gnó Dé Máirt:

- Mír 15, Tairiscint maidir leis an Tríú Tuarascáil is Fiche ón gCoiste Roghnóireachta;
- Mír 16, Tairiscint maidir leis an Ordú um Ghéilleadh a Iarchur (Tarchur chuig Coiste);
- Mír 16*a*, Tairiscint maidir le CP malartú róta;
- Mír 34, Ráitis maidir leis an nGaeilge;
- Mír 1, An Bille um an Dlí Sibhialta (Toimhde Báis), 2016 [Seanad] (*arna athrú ó* An Bille um an Dlí Sibhialta (Daoine atá ar Iarraidh), 2016) An Dara Céim; agus
- Mír 8, An Bille um an mBord um Athstruchtúrú Comhar Creidmheasa (Díscaoileadh), 2019 Ordú don Dara Céim agus an Dara Céim.

Is é a bheidh i nGnó Comhaltaí Príobháideacha i Mír 215, Tairiscint maidir le hOspidéal Náisiúnta na Leanaí, arna roghnú ag an nGrúpa Neamhspleách Tuaithe.

Is mar seo a leanas a bheidh an gnó Dé Céadaoin:

- Mír 217, Tairiscint maidir le Bochtaineacht Cúrsaí (Cácas Parlaiminte na mBan de chuid an Oireachtais);
- Mír 34*a*, Ráitis maidir le forbairtí le déanaí i dtaobh Brexit;
- Mír 35, Ráitis maidir le hAthbhreithniú Cliniciúil Neamhspleách Seachtrach ar na Seirbhísí Máithreachais in Ospidéal Portiuncula, Béal Átha na Sluaighe (atógáil); agus
- Mír 8.

Is é a bheidh i nGnó Comhaltaí Príobháideacha i Mír 216, Tairiscint maidir le hÁrachas, arna roghnú ag Fianna Fáil.

Craoladh i dtaobh Socruithe Beartaithe i gcomhair ghnó na seachtaine seo:

Maidir leis an ngnó Dé Máirt, beartaítear:

1. Go dtógfar Mír 15, 16 agus 16*a* gan díospóireacht agus go ndéanfar aon vótáil a éilítear maidir le Mír 16 agus 16*a* a thógáil láithreach;
2. Go ndéanfar aon vótálacha a thógfaí tráth na vótála seachtainiúla Déardaoin, an 14 Márta, a thógáil tráth na vótála seachtainiúla Déardaoin, an 28 Márta 2019; agus

3. Go gcríochnófar Mír 34 laistigh de 85 nóiméad agus go ndéanfar na Ráitis a theorannú d'aon bhabhta amháin le haghaidh Aire nó Aire Stáit agus phríomhurlabhraithe na bpáirtithe agus na ngrúpaí, nó le haghaidh comhalta a bheidh ainmnithe ina n-ionad, nach rachaidh thar deich nóiméad i ngach cás agus tabharfaidh Aire nó Aire Stáit freagra cúig nóiméad agus féadfaidh gach comhalta am a roinnt.

Maidir leis an ngnó Dé Céadaoin, beartaítear:

1. Go dtógfar Mír 217 in am Rialtais agus go gcríochnófar í laistigh de dhá uair an chloig. Tabharfaidh tairgtheoir óráid tosaigh nach rachaidh thar 20 nóiméad agus, ina dhiaidh sin, beidh aon bhabhta amháin óráidí ann ó Aire nó ó Aire Stáit agus ó phríomhurlabhraithe na bpáirtithe agus na ngrúpaí, nó ó chomhalta a bheidh ainmnithe ina n-ionad, nach rachaidh thar deich nóiméad i ngach cás, agus cúig nóiméad le haghaidh gach comhalta eile agus tabharfaidh Aire nó Aire Stáit freagra cúig nóiméad agus féadfaidh gach comhalta am a roinnt;
2. Go gcríochnófar Ráitis maidir le Mír 34*a* laistigh de 110 nóiméad agus déanfar na Ráitis sa bhabhta tosaigh a theorannú le haghaidh Aire nó Aire Stáit agus phríomhurlabhraithe na bpáirtithe agus na ngrúpaí, nó le haghaidh comhalta a bheidh ainmnithe ina n-ionad, nach rachaidh thar deich nóiméad i ngach cás. Beidh an dara babhta de Ráitis ann nach faide iad ná 25 nóiméad san iomlán le haghaidh chomhaltaí an Rialtais, Fhianna Fáil agus Shinn Féin a roinnfear i gcomhréir ar bhonn 40/40/20 faoi seach, agus tabharfaidh Aire nó Aire Stáit freagra cúig nóiméad agus féadfaidh gach comhalta am a roinnt; agus
3. Go rachaidh an Dáil, ar éirí di, ar athló go dtí 2.00 p.m., Dé Máirt, an 26 Márta 2019.

ORDER OF BUSINESS

ARRANGEMENTS FOR BUSINESS FOR

TUESDAY AND WEDNESDAY, 12 & 13 MARCH 2019

(AS AGREED ON 12 MARCH 2019)

Announcement of Business for the Week:

Tuesday's business shall be:

- Item 15, Motion re Twenty-Third Report of the Committee of Selection;
- Item 16, Motion re Deferred Surrender Order (Referral to Committee);
- Item 16*a*, Motion re PQ rota swap;
- Item 34, Statements on the Irish Language;
- Item 1, Civil Law (Presumption of Death) Bill 2016 [Seanad] (*changed from* Civil Law (Missing Persons) Bill 2016) Second Stage; and
- Item 8, Credit Union Restructuring Board (Dissolution) Bill 2019 Order for Second Stage and Second Stage.

Private Members' Business shall be Item 215, Motion re National Children's Hospital, selected by the Rural Independents Group.

Wednesday's business shall be:

- Item 217, Motion re Period Poverty (Oireachtas Women's Parliamentary Caucus);
- Item 34*a*, Statements on recent developments on Brexit;
- Item 35, Statements on External Independent Clinical Review of Maternity Services in Portiuncula Hospital, Ballinasloe (resumed); and
- Item 8.

Private Members' Business shall be Item 216, Motion re Insurance, selected by Fianna Fáil.

Announcement of Proposed Arrangements for this week's business:

In relation to Tuesday's business, it is proposed that:

1. Items 15, 16 and 16*a* shall be taken without debate and any division demanded on Items 16 and 16*a* shall be taken immediately;
2. Any divisions which would have been taken in the weekly division time on Thursday 14 March shall be taken in the weekly division time on Thursday 28 March 2019; and
3. Item 34 shall conclude within 85 minutes with Statements confined to a single round for a Minister or Minister of State and the main spokespersons for parties and groups, or a

member nominated in their stead, which shall not exceed 10 minutes each with a 5 minute response by a Minister or Minister of State and all members may share time.

In relation to Wednesday's business, it is proposed that:

1. Item 217 shall be taken in Government time and shall conclude within two hours. A proposer shall make an opening speech which shall not exceed 20 minutes, and which shall be followed by a single round of speeches by a Minister or Minister of State and the main spokespersons for parties and groups, or a member nominated in their stead, which shall not exceed 10 minutes in each case with 5 minutes for all other members, with a 5 minute response by a Minister or Minister of State and all members may share time;
2. Statements on Item 34*a* shall conclude within 110 minutes with the opening round of Statements confined to a Minister or Minister of State and the main spokespersons for parties and groups, or a member nominated in their stead, which shall not exceed 10 minutes each. There shall be a second round of Statements of 25 minutes in total for members of the Government, Fianna Fáil and Sinn Féin to be divided proportionally on a 40/40/20 basis respectively, with a 5 minute response by a Minister or Minister of State, and all members may share time; and
3. The Dáil on its rising shall adjourn until 2.00 p.m. on Tuesday, 26 March 2019.